Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2022
(OR. en)

8425/22

LIMITE

CORLX 382
CFSP/PESC 532
RELEX 521
COAFR 96
CONUN 87
COARM 75
FIN 468

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/735 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an staid sa tSúdáin Theas |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/735
a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an staid sa tSúdáin Theas**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/735 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an staid sa tSúdáin Theas, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 748/2014[1], agus go háirithe Airteagal 22(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 117, 8.5.2015, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/735.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2015/735, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Tháinig an Chomhairle ar an tátal gur cheart na bearta sriantacha in aghaidh duine amháin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735 a choinneáil ar bun agus gur cheart an iontráil don duine sin a nuashonrú agus a athuimhriú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2015/735 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

PUBLIC

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

‘

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘1. | Michael MAKUEI LUETH | Dáta breithe: 1947<br>Áit bhreithe: Bor, an tSúdáin (an tSúdáin Theas anois),<br>Inscne: fireann | Tá Michael Makuei Lueth sa phost mar Aire Faisnéise agus Craolacháin ó 2013 i leith agus tá sé fós sa phost sin i Rialtas Idirthréimhseach na hAontachta Náisiúnta. Bhí sé ina urlabhraí poiblí freisin do thoscaireacht an rialtais chuig cainteanna síochána an Údaráis Idir-rialtasaigh Forbartha ó 2014 go 2015 agus ó 2016 go 2018.<br>Tá bac curtha ag Makuei ar an bpróiseas polaitiúil sa tSúdáin Theas, go háirithe trí bhac a chur, le ráitis phoiblí ghríosaitheacha, ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Réiteach na Coinbhleachta sa tSúdáin Theas (ARCSS) i mí Lúnasa 2015 (ar cuireadh ina ionad i mí Mheán Fómhair 2018 an ‘ARCSS athbheoite’ (R-ARCSS)), trí bhac a chur ar obair Choimisiún Comhpháirteach Faireacháin agus Meastóireachta ARCSS (JMEC) a athainmníodh ‘JMEC athdhéanta’ faoin R-ARCSS, agus trí bhac a chur ar bhunú Institiúidí Ceartais Idirthréimhsigh ARCSS dá bhforáiltear in R-ARCSS. Chuir sé bac freisin ar oibríochtaí Fhórsa Cosanta Réigiúnach na Náisiún Aontaithe.<br>Tá Makuei freagrach freisin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear srianta ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh. | an 3/2/2018 |

’.

PUBLIC